Faoi phrionsabail an íoslaghdaithe sonraí, cuirfidh an DIA nóta sínithe ar cháschomhaid ina léireofar líon na gcóipeanna a dáileadh agus a aisghabhadh, ag coimeád cóip leasaithe amháin sa cháschomhad cuí (m.sh. tabhair faoi deara gur dáileadh ocht gcóip, gur tugadh ocht gcóip ar ais agus gur stialladh seacht gcóip). Déanfaidh an DIA na cóipeanna breise a stialladh. Cinnteoidh sé sin go gcoinneofar cuntas ar gach cóip .

Roinn 12.3.1

Tuairisc Mhaoirseachta ar Chosaint Leanaí

Cad iad na doiciméid agus na taifid?

Cóipeanna de na taifid agus na nótaí uile a bhaineann leis an dóigh ar tháinig an DIA ar an eolas faoin ábhar imní.

Cóipeanna d'aon taifid agus nótaí a bhaineann le comhairle a iarraidh ar Tusla i ndáil leis an ábhar imní agus leis an gcomhairle a tugadh.

Cóipeanna d'aon tuairiscí a chuir aon bhall reatha de phearsanra na scoile faoi bhráid Tusla maidir leis an ábhar imní.

Cóipeanna d'aon taifid chumarsáide eile le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le haon pháirtí eile i ndáil leis an ábhar imní (lena n-áirítear aon admháil go bhfuair Tusla an tuairisc).

Cóipeanna d'aon fhógra arna eisiúint faoi Alt 5.3, 5.4 nó 5.5 de na nósanna imeachta seo.

Cóipeanna d'aon ráiteas arna sholáthar do bhall de phearsanra na scoile faoi Alt 5.3.4 de na nósanna imeachta seo.

Roinn 12.3.7

Tuairisc Mhaoirseachta ar Chosaint Leanaí
Teimpléad

Ag gach cruinniú den bhord bainistíochta, mar mhír neamhspleách, áireoidh an príomhoide

Tuairisc Maoirseachta um Chosaint Leanaí ina bhfuil faisnéis faoi 4 cheannteideal mar seo a leanas:

a. Líomhaintí mí-úsáide i gcoinne ball de phearsanra na scoile (12.3.4)

b. Ábhair imní eile faoi chosaint leanaí maidir le scoláirí sa scoil (i.e. ábhair imní nach mbaineann le haon líomhain mí-úsáide i gcoinne baill de phearsanra na scoile) (12.3.5)

c. Ábhair imní faoi cosaint leanaí a thagann as iompar bulaíochta líomhnaithe bulaíochta i measc scoláirí (12.3.6)

d. Sonraí achoimre maidir le tuairisciú (12.3.8) ***Roinn 12.3***

Maoirseacht

Leabhrán Maoirseachta um Chosaint Leanaí

Tá na teimpléid agus na doiciméid a chuirtear ar fáil sa Leabhrán Maoirseachta um Chosaint Leanaí ann chun tacaíocht a thabhairt duit agus tú ag ullmhú don bhord bainistíochta go mbeidh sé ábalta a ról maoirseachta a chomhlíonadh i ndáil le cáschomhaid um chosaint leanaí.

I mbeirteanna, léigí an Leabhrán Maoirseachta um Chosaint Leanaí.

Pléigí conas a chabhródh na tacaíochtaí sin libh Tuairisc Mhaoirseachta ar Chosaint Leanaí a ullmhú.



Rannóga ábhartha eile



Rúndacht
Roinn 12.3.2



I gcás nár chomhlíon BB nósanna imeachta
Roinn 12.3.3

Maoirseacht ag Cigireacht na Roinne

Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta



Aguisín 4 – Seiceálacha um chaomhnú leanaí

Seiceálacha um chaomhnú leanaí a dhéantar le linn cigireachtaí bunscoile	
Leibhéal a haon	**Seiceálacha a dhéantar**
• Cigireacht theagmhasach • Meastóireacht curaclaim • Meastóireacht ar chleachtais ionchuimsitheacha agus ar an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu • Tacú le soláthar sábháilte scolaíochta • Cigireacht leantach • Meastóireacht ar chianteagasc agus ar chianfhoghlaim	1. Tá ainm an duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) agus an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile. 2. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí faofa ag an mbord agus tá athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca mar chuid den ráiteas. 3. Thuairiscigh gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí léite acu agus go dtuigeann said a bhfreagrachtaí mar dhaoine atá faoi shaindordú.
Leibhéal a dó	**Seiceálacha a dhéantar**
• Meastóireacht scoile uile • Meastóireacht scoile uile bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim • Meastóireacht ar phleanáil gnímh don fheabhsúchán i Scoileanna DEIS • Meastóireacht ar scoileanna atá nasctha le hAonaid Chúraim Speisialta agus le hIonaid Coinneála Leanaí	1. Tá ainm an DIA agus an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile. 2. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú ar riosca. 3. Thuairiscigh gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí léite acu agus go bhfuil siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí mar dhaoine faoi shaindordú. 4. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ag teacht lena n-éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) 5. Tá tuairisc i dtaifid na dtrí chruinniú den bhord bainistíochta deiridh maidir le maoirseacht ar chosaint leanaí a chomhlíonann riachtanais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023). 6. Tá sé deimhnithe ag an mbord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun eolas a chur ar fáil do phearsanra uile na scoile maidir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna, (athbhreithnithe 2023) 7. Tá sé léirithe i ndoiciméid phleanála scoile go bhfuil soláthar iomlán á dhéanamh ag an scoil do ghnéithe ábhartha an churaclaim (OSPS, Bí Sábháilte, OCG). 8. Tá na taifid maidir le cosaint leanaí á gcoinneáil in áit shlán, dhaingean.

Forléargas ar ghníomhaíochtaí cigireachta: Cigireacht um chosaint agus chumhdach leanaí

Roimh an gcigireacht	Réamhfhógra	Réamhfhógra idir ceithre huaire is fichead agus ocht n-uaire is daichead don scoil (i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh cigireachtaí um chosaint agus chumhdach leanaí tarlúint gan réamhfhógra.)
	Gníomhaíocht na Cigireachta	Déanann an cigire teagmháil leis an bpríomhoide chun: • breac-chuntas a thabhairt ar leagan amach na cigireachta • an cháipéisíocht is gá a dheimhniú
		Socruithe a dhéanamh do chruinnithe le • cathaoirleach an bhoird bainistíochta • grúpa(í) daltaí
		Socruithe a dhéanamh do shuirbhéanna tuismitheoirí
		Foirm Teagmhála Scoile
		Cuireann an cigire Foirm Fhéintuairiscithe um Ghrinnfhiosrúcháin chuig an scoil
	Gníomhaíocht na scoile	An príomhoide: • an Fhoirm Theagmhála Scoile a chomhlíonadh agus a chur ar ais chuig an gcigire • treoracha a dháileadh a thugann le fios conas is féidir le tuismitheoirí an suirbhé ar líne a chomhlánú (cigireacht thosaigh ar chosaint agus chumhdach leanaí)
		Cinntíonn an príomhoide go bhfuil • an Fhoirm Fhéintuairiscithe um Ghrinnfhiosrúcháin sínithe agus comhlánaithe • gach doiciméad is gá a chur ar fáil don chigireacht
Le linn na cigireachta	Gníomhaíocht na Cigireachta	Iarrann an cigire liostaí ranga agus liosta pearsanra na scoile ón bpríomhoide Athbhreithniú ar cháipéisíocht: • taifid um chosaint leanaí • miontuairiscí chruinnithe an bhoird bainistíochta • ráiteas um chumhdach leanaí, measúnú riosca san áireamh • plean scoile don OSPS agus do Bí Sábháilte • sampla de chláir ama múinteoirí aonair • sampla de chuntais mhíosúla • polasaí úsáide inghlactha
		Cruinnithe: • le sampla de phearsanra na scoile • leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe • an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe • le cathaoirleach an bhoird bainistíochta agus comhaltaí eile, má tá fáil orthu • le grúpa(í) daltaí • leis an gcomhordaitheoir OSPS/OCG (má tá comhordaitheoir OSPS/OCG sa scoil) agus/nó an príomhoide • le hionadaithe ó chumann na dtuismitheoirí (cigireacht deiridh um chosaint agus chumhdach leanaí)
		Aiseolas don phríomhoide agus don DIA (i gcásanna nuair nach ionann an DIA agus an príomhoide) Féadfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta a bheith i láthair freisin.
	Gníomhaíocht na scoile	Cuireann an príomhoide aon taifid, doiciméid ar fáil agus eagraíonn sé/sí na cruinnithe
Tar éis na cigireachta	Gníomhaíocht na Cigireachta	Freagraí comhthiomsaithe ar na suirbhéanna roinnte leis an scoil
		Eisítear dréacht-thuairisc le haghaidh dearbhú fíricí agus freagairt scoile
	Gníomhaíocht na scoile	Athbhreithnítear an tuairisc le haghaidh dearbhú fíricí
		Is féidir leis an scoil freagairt scoile a chur isteach
	Gníomhaíocht na Cigireachta	Foilsiú na tuairisce deiridh ar www.gov.ie/ga/tuairisci-scoile/

Roinn 12.4.4

Maoirseacht ag Cigireacht na Roinne
Iar-bhunscoileanna



Aguisín 4 – Seiceálacha um chaomhnú leanaí

Seiceálacha um chaomhnú leanaí a dhéantar le linn cigireachtaí iar-bhunscoile	
Leibhéal a haon	**Seiceálacha a dhéantar**
• Cigireacht theagmhasach • Cigireacht ábhair • Meastóireacht ar chleachtais ionchuimsitheacha agus ar an soláthar do scolairí a bhfuil riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu • Tacú le soláthar sábháilte scolaíochta • Cigireacht leantach • Meastóireacht ar chianteagasc agus ar chianfhoghlaim	1. Tá ainm an duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) agus an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile. 2. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí faofa ag an mbord agus tá athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca mar chuid den ráiteas. 3. Thuairiscigh gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí léite acu agus go dtuigeann siad a bhfreagrachtaí mar dhaoine atá faoi shainordú.
Leibhéal a dó	**Seiceálacha a dhéantar**
• Meastóireacht scoile uile • Meastóireacht scoile uile – bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim • Meastóireacht ar phleanáil gnímh don fheabhsúchán i scoileanna DEIS • Meastóireacht ar scoileanna atá nasctha le hAonaid Chúraim Speisialta agus le hIonaid Coinneála Leanaí	1. Tá ainm an DIA agus an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile. 2. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú ar riosca. 3. Thuairiscigh gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí léite acu agus go bhfuil siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí mar dhaoine faoi shainordú. 4. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ag teacht lena n-éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) 5. Tá tuairisc i dtaifid na dtrí chruinniú den bhord bainistíochta deiridh maidir le maoirseacht ar chosaint leanaí a chomhlíonann riachtanais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023). 6. Tá sé deimhnithe ag an mbord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun eolas a chur ar fáil do phearsanra uile na scoile maidir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna, (athbhreithnithe 2023) 7. Tá sé léirithe i ndoiciméid phleanála scoile go bhfuil soláthar iomlán á dhéanamh ag an scoil do ghnéithe ábhartha an churaclaim (OSPS, Bí Sábháilte, OCG). 8. Tá na taifid maidir le cosaint leanaí a gcoinneáil in áit shlán, dhaingean.


Forléargas ar ghníomhaíochtaí cigireachta: Cigireacht um chosaint agus chumhdach leanaí

Roimh an gcigireacht	Réamhfhógra	Réamhfhógra idir ceithre uair an chloig is fichead agus ocht n-uair an chloig is daichead don scoil (I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh cigireachtaí um chosaint agus chumhdach leanaí tarlú gan réamhfhógra.)
	Gníomhaíocht na Cigireachta	Déanann an cigire teagmháil leis an bpríomhoide chun: • breac-chuntas a thabhairt ar leagan amach na cigireachta • an cháipéisíocht is gá a dheimhniú
		Socruithe a dhéanamh do chruinnithe le • cathaoirleach an bhoird bainistíochta • grúpa(í) scolairí
		Socruithe a dhéanamh do shuirbhéanna tuismitheoirí
		Foirm Theagmhála Scoile
		Cuireann an cigire Foirm Féintuairiscithe um Ghrinnfhiosrúcháin chuig an scoil
	Gníomhaíocht na scoile	An príomhoide: • an Fhoirm Theagmhála Scoile a chomhlíonadh agus a chur ar ais chuig an gcigire • treoracha a dháileadh a thugann le fios conas is féidir le tuismitheoirí an suirbhé ar líne a chomhlánú (cigireacht thosaigh ar chosaint agus chumhdach leanaí)
		Cinntíonn an príomhoide go bhfuil • an Fhoirm Féintuairiscithe um Ghrinnfhiosrúcháin sínithe agus comhlánaithe • gach doiciméad is gá ar fáil don chigireacht
Le linn na cigireachta	Gníomhaíocht na Cigireachta	Iarrann an cigire liostaí ranga agus liosta pearsanra na scoile ón bpríomhoide Athbhreithniú ar cháipéisíocht: • taifid um chosaint leanaí • miontuairiscí chruinnithe an bhoird bainistíochta • ráiteas um chumhdach leanaí, measúnú riosca san áireamh • plean scoile don OSPS agus do Bí Sábháilte • sampla de chláir ama múinteoirí aonair • sampla de chuntais mhíosúla • polasaí úsáide inghlactha
		Cruinnithe: • le sampla de phearsanra na scoile • leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe • leis an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe • le cathaoirleach an bhoird bainistíochta agus comhaltaí eile, má tá fáil orthu • le grúpa(í) scolairí • leis an gcomhordaitheoir OSPS/OCG (má tá comhordaitheoir OSPS/OCG sa scoil) agus/nó an príomhoide • le hionadaithe ó chumann na dtuismitheoirí (cigireacht deiridh um chosaint agus chumhdach leanaí)
		Aiseolas don phríomhoide agus don DIA (i gcásanna nuair nach ionann an DIA agus an príomhoide)
		Féadfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta a bheith i láthair freisin
	Gníomhaíocht na scoile	Cuireann an príomhoide aon taifid, doiciméid ar fáil agus eagraíonn siad na cruinnithe
Tar éis na cigireachta	Gníomhaíocht na Cigireachta	Freagraí comhthiomsaithe ar na suirbhéanna roinnte leis an scoil
		Eisítear dréacht-thuairisc le haghaidh dearbhú fíricí agus freagairt scoile
	Gníomhaíocht na scoile	Athbhreithnítear an tuairisc le haghaidh dearbhú fíricí
		Is féidir leis an scoil freagairt scoile a chur isteach
	Gníomhaíocht na Cigireachta	Foilsiú na tuairisce deiridh ar www.gov.ie/ga/tuairisci-scoile/

Roinn 12.4.4

Maoirseacht á Dhéanamh ag Cigireachta na Roinne

CCCL- Príomhghnéithe



www.gov.ie


- Cigireacht in aon lá amháin
- Tabharfar fógra dhá lá
- Tabharfar dhá shuirbhé do thuismitheoirí agus do dhaltaí
- Cruinnithe le DIA, LDIA, Cathaoirleach agus rogha de phearsanra scoile
- Athbhreithniú ar an gcáipéisíocht
- Cruinniú aiseolais idir cigirí, an príomhoide (DIA) agus LDIA
- Pléifear torthaí na suirbhéanna leis an scoil i nglaoch a leanfaidh
- Leanfaidh dréacht den tuarascáil chigireachta ina dhiaidh sin
- Eiseofar aon tuarascáil amháin don scoil, a chuireann in iúl leibhéal comhlíontachta na scoile ar lá na cigireachta, agus an ghníomhaíocht a leanfaidh (más gá), agus foilseofar í ar an suíomh gov.ie

Príomhfhoghlaim
Gníomhaíocht

Oide

1

Breac síos **do phríomhphointí foghlama** ó sheisiún 2.



2

Liostaigh **aon ghníomhartha mar thoradh** duitse mar DIA/ LDIA?

Lón

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025



Ba chóir go mbeadh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus an Ciorclán 0041/2025 a ghabhann leis mar phríomhfhoinse faisnéise do phearsanra na scoile ar chúrsaí a bhaineann le cosaint leanaí.

Níl sé i gceist go gcuirfeadh ábhar an Imeachta Foghlaim Ghairmiúil seo in ionad an ghá atá le dul i ngleic go hiomlán leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025.

Torthaí Sheisiún a Trí

Faoi dheireadh an tseisiúin seo, beidh na rannpháirtithe tar éis:

foghlaim a chur i bhfeidhm go praiticiúil a bhaineann le cás cosanta linbh ó thús go deireadh

eolas agus tuiscint a fháil ar chleachtais um chumhdach leanaí

iniúchadh a dhéanamh ar nósanna imeachta earcaíochta agus ar riachtanais maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

iniúchadh a dhéanamh ar na ceanglais agus ar na nósanna imeachta i ndáil le líomhaintí nó amhras faoi mhí-úsáid leanaí maidir le fostaithe scoile

iniúchadh a dhéanamh ar shonraí na hoiliúna agus na dtacaíochtaí ábhartha atá ar fáil

na chéad chéimeanna eile a shainaithint i gcur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025

Teidil na gCaibidlí

Oide

Gluais Téarmaí

Caibidil 1: Réamhrá

Caibidil 2: Mí-Úsáid Leanaí a Shainmhíniú agus a Aithint

Caibidil 3: Líomhaintí Mí-Úsáide Siarghabhálacha

Caibidil 4: Róil agus Freagrachtaí

Caibidil 5: Cúiseanna Imní a Thuairisciú

Caibidil 6: Conas Tuairisc a Dhéanamh do Tusla

Caibidil 7: Líomhaintí nó Amhras faoi Mhí-Úsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile

Caibidil 8: Coimeád Taifead

Caibidil 9: Ceanglais Chosanta* Leanaí

Caibidil 10: Nósanna Imeachta agus Riachtanais Earcaíochta do Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Caibidil 11: Oiliúint agus Tacaíochtaí

Caibidil 12: Maoirseacht

Aguisíní

Cás ó Thús go Deireadh

Gníomhaíocht Bheirte: Pléigí agus Déanaigí Taifead

Cás 1:

Cuireann múinteoir in iúl duit go bhfuil ábhar imní um chosaint leanaí ann (nach mbaineann le bulaíocht ná le ball de phearsanra na scoile). Théis chomhairle a lorg ó Tusla cuirtear in iúl duit go gcomhlíonann an t-ábhar imní tairseach an dochair.

Cás 2:

Cuireann Cúntóir Riachtanas Speisialta in iúl duit go bhfuil ábhar imní maidir le cosaint leanaí (nach mbaineann le bulaíocht nó le ball de phearsanra scoile). Lorgaíonn tú comhairle ó Tusla. Tugtar le fios duit nach gcomhlíonann an imní tairseach an dochair agus nár chóir é a thuairisciú. *Ar bhonn na comhairle, tá tú den tuairim freisin nach bhfuil cúis réasúnach imní ach an oiread chun é a thuairisciú do Tusla.

Cad iad na céimeanna a ghlacann tú?

Cad iad na tacaíochtaí/teimpléid a d'fhéadfá a úsáid?

Cén chaoi a gcuirtear an fhaisnéis seo san áireamh sa TMCL?

An gá don BB maoirseacht a dhéanamh ar an gcáschomhad seo? Cén fáth/Cén fáth nach gá?



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cumhdach Leanaí



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Cad is Cumhdach Leanaí ann?




1 nóim. 28 soic.

Cumhdach Leanaí
Gníomhaíocht

Trasnaíonn cúrsaí caomhnaithe agus leasa leanaí gach gné de shaol na scoile agus mar sin ní mór iad a léiriú go cuí i bpolasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais uile na scoile.
Roinn 9.1





Cad iad na córais agus na struchtúir a chonacthas duit a bheith éifeachtach chun daltaí/scoláirí a chumhdach?

Cumhdach Leanaí

Soláthar Curaclaim agus Cosc ar Mhí-Úsáid Leanaí - Bunoideachas

Oide

Tugtar breac-chuntas i gCiorclán 65/2011 go gceanglaítear ar gach bunscoil an clár Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm go hiomlán.



Forbraíodh na Torthaí Foghlama i ndréachtsonraíocht na Folláine chun ailíniú leis an gclár Bí Sábháilte, agus ní mór an clár a mhúineadh fós.



Roinn 9.2

Cumhdach Leanaí


Soláthar Curaclaim – Bunoideachas

Tacaíochtaí Webwise

Greille Teanga Ílogair

CNCM – Sraith Uirlisí OSPS/OCG

- Acmhainní lena n-úsáid i dTeagasc OSPS/OCG
- Ag Ullmhú don Teagasc
- OSPS/OCG a Theagasc



Rang	Snáithe/ Snáithaonad	Cuspóirí Curaclaim Téigh i gcomhairle leis an gcuraclam le haghaidh cuspóirí iomlána do 'Ag Fás agus ag Athrú' agus 'Ag Tabhairt Aire de mo chorp'	Foclóir	Lch Leabhrán OCG	Lch Leabhrán 'Misneach'	Acmhainní breise
Naíonáin	**Mise** Ag Fás agus ag Athrú Ag Tabhairt Aire de mo Chorp	**Ag Fás agus ag Athrú** • éirí feasach ar bheatha nua agus ar bhreith sa saol • feasacht faoi bhreith dhaonna a fhorbairt **Ag Tabhairt Aire de mo chorp** • codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha	broinn (womb) cothú cíche (breastfeeding) bod/péineas (penis) pit (vulva)	Beatha Nua lch 68 Mo Chorp lch 147 Ag tabhairt aire do bheatha nua lch 137 Ag an trá/linn snámha lch 153	Ár gCorp Iontach lch 94 (Leabhar na Naíonáin Shinsearacha)	Bábóga anatamaíochta Leabhair le leanbh le feiceáil inti Leanbh óg mar chuairteoir don rang
Rang a 1/2	**Mise** Ag Fás agus ag Athrú Ag Tabhairt Aire de mo Chorp	**Ag Fás agus ag Athrú** • dul i gceann tuisceana gur gnéithe den saolré uile iad síolrú, breith, beatha, fás agus bás **Ag Tabhairt Aire de mo chorp** • codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha	broinn (womb) cothú cíche (breastfeeding) bod/péineas (penis) pit (vulva) úiréadra (urethra) faighin (vagina)	Iontas Beatha Nua lch 59/151 An chaoi a bhfeidhmíonn mo chorp lch 67 Leis an bhfás tagann athruithe lch 77/171 Cuairt ar an Dochtúir lch 164	Ár gCorp Iontach lch 37 (Leabhar Rang 2)	Leabhair faoi cuairt a thabhairt ar an Doctúir Bláth chumhachtach Thomáis Leabhair agus Gníomhaíochtaí a bhaineann le timthriall na beatha Beatha Nua ins an nádúir

Teanga Ílogair OCG

Oide


Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cumhdach Leanaí
Soláthar Curaclaim agus Cosc ar Mhí-Úsáid Leanaí – Iar-bhunoideachas

Oide

Is cuid éigeantach den churaclam é Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) do scoláirí na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna agus ní mór é a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) éigeantach sa tSraith Shinsearach.



Luaitear i gCiorclán 0012/2025 go gcaithfear na coigeartuithe seo a leanas a dhéanamh ó Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh:

- Ní mór do thréimhse amháin OSPS a bheith ag gach scoláire idirbhliana in aghaidh na seachtaine faoin ngné Fás Pearsanta.
- Tiocfaidh an tsonraíocht nua do OSPS na S.Sins. in ionad modúil Oideachas Sóisialta ATF 1 agus 4 ag tosú sa 5ú bliain/Bliain 1 in 2025/26

Ó mhí Mheán Fómhair 2027 ar aghaidh, ní mór sonraíocht nua OSPS na S.Sins. a chur i bhfeidhm do gach scoláire sa tSraith Shinsearach.

Roinn 9.2

Cumhdach Leanaí
Soláthar Curaclaim – Iar-bhunoideachas



CNCM - Sraith Uirlisí OSPS / OCG na S.Sóis

CNCM – Sraith Uirlisí OSPS/OCG na S.Sins.





webwise.ie

Tacaíochtaí Webwise

Cumhdach Leanaí
Gníomhaíocht

Trasnaíonn cúrsaí caomhnaithe agus leasa leanaí gach gné de shaol na scoile agus mar sin ní mór iad a léiriú go cuí i bpolasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais uile na scoile.
Roinn 9.1





Cad iad na córais agus na struchtúir a chonacthas duit a bheith éifeachtach chun daltaí/scoláirí a chumhdach?

Cumhdach Leanaí

Soláthar Curaclaim agus Cosc ar Mhí-Úsáid Leanaí - Bunoideachas

Tugtar breac-chuntas i gCiorclán 65/2011 go gceanglaítear ar gach bunscoil an clár Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm go hiomlán.



Forbraíodh na Torthaí Foghlama i ndréachtsonraíocht na Folláine chun ailíniú leis an gclár Bí Sábháilte, agus ní mór an clár a mhúineadh fós.

Roinn 9.2

Cumhdach Leanaí


Soláthar Curaclaim – Bunoideachas

Tacaíochtaí Webwise

Greille Teanga Ílogair

CNCM – Sraith Uirlisí OSPS/OCG

- Acmhainní lena n-úsáid i dTeagasc OSPS/OCG
- Ag Ullmhú don Teagasc
- OSPS/OCG a Theagasc



Rang	Snáithe/ Snáithaonad	Cuspóirí Curaclaim Téigh i gcomhairle leis an gcuraclam le haghaidh cuspóirí iomlána do 'Ag Fás agus ag Athrú' agus 'Ag Tabhairt Aire de mo chorp'	Foclóir	Lch Leabhrán OCG	Lch Leabhrán 'Misneach'	Acmhainní breise
Naíonáin	**Mise** Ag Fás agus ag Athrú Ag Tabhairt Aire de mo Chorp	**Ag Fás agus ag Athrú** • éirí feasach ar bheatha nua agus ar bhreith sa saol • feasacht faoi bhreith dhaonna a fhorbairt **Ag Tabhairt Aire de mo chorp** • codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha	broinn (womb) cothú cíche (breastfeeding) bod/péineas (penis) pit (vulva)	Beatha Nua lch 68 Mo Chorp lch 147 Ag tabhairt aire do bheatha nua lch 137 Ag an trá/linn snámha lch 153	Ár gCorp Iontach lch 94 (Leabhar na Naíonáin Shinsearacha)	Bábóga anatamaíochta Leabhair le leanbh le feiceáil inti Leanbh óg mar chuairteoir don rang
Rang a 1/2	**Mise** Ag Fás agus ag Athrú Ag Tabhairt Aire de mo Chorp	**Ag Fás agus ag Athrú** • dul i gceann tuisceana gur gnéithe den saolré uile iad síolrú, breith, beatha, fás agus bás **Ag Tabhairt Aire de mo chorp** • codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha	broinn (womb) cothú cíche (breastfeeding) bod/péineas (penis) pit (vulva) úiréadra (urethra) faighin (vagina)	Iontas Beatha Nua lch 59/151 An chaoi a bhfeidhmíonn mo chorp lch 67 Leis an bhfás tagann athruithe lch 77/171 Cuairt ar an Dochtúir lch 164	Ár gCorp Iontach lch 37 (Leabhar Rang 2)	Leabhair faoi cuairt a thabhairt ar an Doctúir Bláth chumhachtach Thomáis Leabhair agus Gníomhaíochtaí a bhaineann le timthriall na beatha Beatha Nua ins an nádúir

Teanga Ílogair OCG

Oide


Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cumhdach Leanaí

Soláthar Curaclaim agus Cosc ar Mhí-Úsáid Leanaí – Iar-bhunoideachas

Oide









Cumhdach Leanaí

Soláthar Curaclaim agus Cosc ar Mhí-Úsáid Leanaí – Iar-bhunoideachas



‘Ba cheart OSPS a dhéanamh uair amháin in aghaidh na seachtaine, agus níor cheart go sárófar uair an chloig in aghaidh an ranga.’ *(Ráiteas an Chlái Idirbhliana lch 18)*



‘Glacfaidh an tsonraíocht do OSPS na Sraithe Sinsearaí áit mhodúl 1 (Oideachas Sóisialta agus Sláinte 1) agus mhodúl 4 (Oideachas Sóisialta agus Sláinte 2) d’Oideachas Sóisialta na hArdteistiméireachta Feidhmí.’ *(Ciorclán 12/2025)*



‘Cuirtear an fhoghlaim in OSPS ar fáil don scoláire tríd an réimse curaclaim Cúram Pearsanta.’ *(Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 Ráiteas Cláir p.12)*



‘Beidh ar scoileanna an tsonraíocht do OSPS na Sraithe Sinsearaí a thabhairt isteach faoi mhí Mheán Fómhair 2027 do gach scoláire eile a bheidh ag dul isteach sa chúigiú bliain.’ *(Ciorclán 12/2025)*

Cumhdach Leanaí
Soláthar Curaclaim – Iar-bhunoideachas



CNCM - Sraith Uirlisí OSPS / OCG na S.Sóis

CNCM – Sraith Uirlisí OSPS/OCG na S.Sins.



webwise.ie

Tacaíochtaí Webwise

Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

Oide

Suíomh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí agus Treoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí
Roinn 9.4.2

Oibleagáidí Reachtúla
Roinn 9.4.1

Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

Achar ama lena gcur i gcrích
Roinn 9.9

Athbhreithniú Bliantúil
Roinn 9.11

Ráiteas um Chosaint Leanaí a thacaíonn le Scoláire
Roinn 9.10.2

Foilsiú, Taispeáint agus Roinnt
Roinn 9.10.1


Caibidil 9

Measúnú Riosca i Ráiteas um Chosaint Leanaí

Oide



Cuspóir
Roinn 9.5.1




Teimpléad
Roinn 9.5.2



Sábháilteacht Ar Líne
Roinn 9.5.3



Gníomhaíochtaí Tar éis na scoile
Roinn 9.6



Áiseanna Cónaithe
Roinn 9.7



Turais Scoile
Roinn 9.8

Athbhreithniú Bliantúil ar Ráiteas um Chosaint* Leanaí agus ar Mheasúnú Riosca

Athbhreithniú le déanamh gach bliain fhéilire nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith tagtha ar aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas.

Úsáidfear doiciméad cáilíochtúil ROÓ agus an t-athbhreithniú bliantúil á dhéanamh

Comhairliúchán le Tuismitheoirí agus le Pearsanra na Scoile

Comhairliúchán le Leanaí

Réimsí Feabhsúcháin a Shainaithint

Pearsanra na scoile agus Cumann na dTuismitheoirí a chur ar an eolas faoin Athbhreithniú

Maoirseacht ag an mBord Bainistíochta

Roinn 9.11 agus 9.12

Cumhdach

Leabhrán um Chosaint agus um Shlándáil Leanaí

Tá na teimpléid a chuirtear ar fáil sa Leabhrán um Chosaint agus um Shlándáil Leanaí ann chun tacú le scoileanna an Ráiteas um Chosaint* Leanaí a fhorbairt agus a athbhreithniú.

Tá trí theimpléad sa Leabhrán um Chosaint agus um Shlándáil Leanaí nach mór a úsáid.

I mbeirteanna, léigí an Leabhrán um Chosaint agus um Shlándáil Leanaí.
Pléigí conas a d'fhéadfaí na tacaíochtaí nua seo a úsáid chun aiseolas a bhailiú ó phearsanra na scoile, tuismitheoirí/ cúramóirí agus daltaí lena ráthú go gcomhlíonfadh an scoil na riachtanais chaomhnaithe.



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Ceanglais maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Ceanglais maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Oide

Ceanglais Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána *Roinn 10.1*

Roinnt Múinteoirí *Roinn 10.2*

Nósanna imeachta earcaíochta *Roinn 10.3*

Cuairteoirí chuig imeachtaí scoile/ imeachtaí lasmuigh *Roinn 10.4*



Caibidil 10

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Líomhaintí nó Amhras faoi Mhí - úsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Líomhaintí nó Amhras faoi Mhí-Úsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile

Oide

I gcomhthéacs líomhaintí nó amhras faoi mhí-úsáid leanaí maidir le fostaithe scoile, is é an phríomhsprioc na leanaí a chosaint laistigh den scoil.

Tá dualgas cúraim ar gach údarás scoile, mar fhostóir, i leith a chuid fostaithe.

Déileálfar go cothrom leis an bhfostaí, lena n-áirítear an ceart gan breith a thabhairt air roimh phróiseas iomlán agus cothrom agus de réir mar is infheidhme, i gcomhréir leis na nósanna imeachta araíonachta ábhartha.

Ba chóir d'fhostóirí a thabhairt faoi deara gur cheart comhairle dlí a lorg i gcónaí sna cásanna seo toisc go mbíonn cúinsí éagsúla ann ó chás go chéile agus nach féidir dul i ngleic le gach cás sna nósanna imeachta seo.

Tá sé riachtanach go ndéileálfar leis an ábhar faoi rún daingean i gcónaí agus nach nochtfar céannacht an fhostaí, seachas mar a cheanglaítear faoi na nósanna imeachta laistigh den doiciméad seo.

Ní chuireann an ceanglas maidir le déileáil le cúrsaí faoi rún cosc ar DIA tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas faoi líomhain mhí-úsáide a bhaineann lena leanbh.

Príomhphrionsabail, Caibidil 7

Líomhaintí nó Amhras faoi Mhí-Úsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile

Ábhar Chaibidil 7

Roinn 7.1 Réamhrá

Roinn 7.2 Nós imeachta tuairiscithe

Roinn 7.3 Gníomh le déanamh ag an bhfostóir maidir leis an bhfostaí

Roinn 7.4 Gníomh araíonachta

Roinn 7.5 Gníomh le déanamh nuair a ardaíonn tuismitheoir/cúramóir imní faoi chosaint leanaí faoi Bhall d'Fhoireann na Scoile

Roinn 7.6 Comhroinnt Faisnéise ag Tusla

Ba chóir comhairle dlí a lorg i gcónaí i gcásanna ina bhfuil líomhaintí nó amhras ann maidir le mí-úsáid leanaí a bhaineann le fostaithe scoile


Caibidil 7

Príomhfhoghlaim
Gníomhaíocht

Oide

1

Breac síos do phríomhphointí foghlama ó sheisiún 3.



2

Liostaigh aon ghníomhartha mar thoradh duitse mar DIA/ LDIA.

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oiliúint agus Tacaíochtaí




Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oiliúint



Caibidil 11

Imlíne ar Lá Dúnta na Scoile Uile


Oide

Seisiún 1	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 Cad é atá nua i nósanna imeachta 2025? Príomhthéarmaíocht Cineálacha Mí-Úsáide Leanaí
Seisiún 2	Róil agus Freagrachtaí Déileáil le Nochtadh ó Leanaí Ábhair Imní a Thuairisciú Tuairisciú do Tusla Ceanglais maidir le Coimeád Taifead
Seisiún 3	Maoirseacht Cumhdach Leanaí Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Ceanglais maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Oiliúint agus Tacaíochtaí Ráiteas um Chosaint* Leanaí agus Measúnú Riosca

Acmhainní agus Tacaíochtaí

Roinn 6.1

Cuireadh leabhráin nua ar fáil ina bhfuil teimpléid nuashonraithe chun tacú le scoileanna na nósanna imeachta nuashonraithe a chur i bhfeidhm.



Tá na leabhráin agus na tacaíochtaí eile, lena n-áirítear iad siúd atá ar fáil ó Tusla, ar fáil ar: www.gov.ie/childprotectionschools

Eiseoidh PLU doiciméad Ceisteanna Coitianta.


Ciorclán 41/2025

Fiosrúcháin

Roinn 7.2

Ba chóir ceisteanna ginearálta maidir leis na nósanna imeachta nuashonraithe a chur trí ríomhphost chuig an Roinn ag:

cpreport@education.gov.ie



Ciorclán 41/2025

Na Chéad Chéimeanna Eile

Smaoinigh ar phríomhfhoghlaim agus ar ábhar machnaimh ón lá inniu


Déan iniúchadh ar na hacmhainní atá ar fáil, lena n-áirítear leabhráin tacaíochta na Roinne Oideachais & Óige

EFG don Fhoireann Iomlán (mura bhfuil sé déanta)

Nósanna imeachta a ghlacadh agus a chur chun feidhm faoi mhí na Nollag 2026



Meabhrúchán Tábhachtach



Ba chóir go mbeadh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus an Ciorclán 0041/2025 a ghabhann leo mar phríomhfhoinse faisnéise do phearsanra na scoile ar chúrsaí a bhaineann le cosaint leanaí.

Níl sé i gceist go gcuirfeadh ábhar an Imeachta Foghlama Gairmiúla seo in ionad an ghá atá le dul i ngleic go hiomlán leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025.